# CINNEADH (CBES) 2021/2138 ÓN gCOMHAIRLE

## an 2 Nollaig 2021

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/2011 chun tacú le beartais, cláir agus gníomhaíochtaí príomhshruthaithe ó thaobh inscne de, sa chomhrac i gcoinne gáinneáil ar mhionairm agus a mí-úsáid, i gcomhréir leis an gclár oibre maidir le Mná, leis an tSíocháin agus an tSlándáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Nollaig 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/2011 ([1]).

(2) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2018/2011 do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de, ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de.

(3) D'iarr Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála go ndéanfaí tréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2018/2011 a shíneadh 7 mí, go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022, i bhfianaise na moille ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail faoi Chinneadh (CBES) 2018/2011 i ngeall ar thionchar phaindéim COVID-19,

(4) Is féidir leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2018/2011 ón gComhairle go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022 a fheidhmiú gan aon iarmhairtí a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais,

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2018/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2018/2011.

"2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 31 Deireadh Fómhair 2022.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. VRTOVEC

([1]) Cinneadh (CBES) 2018/2011 an 17 Nollaig 2018 chun tacú le beartais, cláir agus gníomhaíochtaí príomhshruthaithe ó thaobh inscne de, sa chomhrac i gcoinne gáinneáil ar mhionairm agus a mí-úsáid, i gcomhréir leis an gclár oibre maidir le Mná, leis an tSíocháin agus an tSlándáil (IO L 322, 18.12.2018, lch. 38).